# An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn
# Ceacht 8



## Feachtas faisnéise meáin a dhearadh chun a léiriú gur féidir leis na meáin a bheith ina bhfoinse faisnéise a dhéanann an domhan níos lú

| | |
|---|---|
| **Cuspóir Foghlama** | Feachtas faisnéise meáin a dhearadh chun a léiriú gur féidir leis na meáin a bheith ina bhfoinse faisnéise a dhéanann an domhan níos lú. |
| **Toradh Foghlama** | Mínigh conas mar is féidir leis na meáin a bheith ina bhfoinse mhaith faisnéise, d'imeachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. |
| **Nótaí an Mhúinteora** | Tá na meáin chumarsáide ar fud na háite mórthimpeall orainn, agus is féidir leo faisnéis thábhachtach a chur ar fáil dúinn dár saol laethúil. Is féidir leis na meáin an-tionchar a imirt orainn, agus de réir mar a fhásann na meáin, fásann an tionchar a bhíonn acu orainn. Bíonn siad an-mhaith ag cur ina luí orainn rudaí a smaoineamh nó a dhéanamh agus chun feasacht a ardú, mar shampla faoi shábháilteacht ar bhóithre, faoi chaitheamh tobac agus faoi chúrsaí sóisialta eile. Is féidir leis na meáin feasacht a spreagadh ionainn faoi cad atá ag tarlú sa domhan agus conas a dhéanann sé sin an domhan níos lú. Taistealaíonn nuacht níos tapúla, bímid ar an eolas faoi imeachtaí atá ag tarlú na mílte míle uainn. Is féidir linn tuairimí augs dearcthaí daoine éagsúla a chloisteáil mar go dtugann na meáin guth dóibh. |
| **Acmhainní** | • An físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn*<br>• Gníomhaíocht 8.1<br>• Gníomhaíocht 8.2 |
| **Modheolaíocht** | • Caint agus Plé: Faigh an Teachtaireacht; An Domhan a Dhéanamh Níos Lú; Foinsí Faisnéise<br>• Comharfhoghlaim: An Feachtas Bruscair 'Cuir do Ghuma sa Bhruscar'; Dear d'Fheachtas Meáin Féin<br>• Scileanna trí mheán an ábhair - An físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn* |

# An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn

# Ceacht 8



## Cur Chuige

**Céim 1: An físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn***




**Físeán**

- Inis do na leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr faoi na meáin chumarsáide.
- Seinm an físeán *An Tionchar a Bhíonn ag na Meáin Chumarsáide Orainn* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Tar éis an fhíseáin, cuir i gcuimhne do na leanaí go ndéanann na meáin iarracht tionchar a imirt ar na nithe a smaoinímid agus a dhéanaimid.
- Iarr ar na leanaí an cuimhin leo aon rud faoi na meáin ó thaobh cad a theastaíonn uathu go ndéanfaimis?
- Mínigh dóibh go bhfuil a lán bealaí éagsúla ina ndéanann na meáin iarracht tionchar a imirt orainn, mar shampla trí úsáid a bhaint as lógónna agus ainmneacha branda, as íomhánna – lena n-áirítear dathanna, teanga agus focail, carachtair agus ainmhithe, fuaim agus ceol, daoine cáiliúla, tairiscintí speisialta amhail bronntanais saor in aisce, lascainí, 'ceannaigh ceann amháin agus faigh ceann saor in aisce', tairgí ollmhóra, 50% sa bhreis nó síntiúis do scannáin, chun iarracht tionchar a imirt orainn ionas go gceannóimid táirge.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go gcloisimid agus go bhfeicimid faisnéis ó na meáin agus i bhfógraí gach lá.
- Cruthaítear na gnéithe sin go léir sa chaoi is go spreagfaidh siad raon mothúchán ionainn.

**Céim 2: Faigh an Teachtaireacht**

- Fiafraigh de na leanaí conas mar a chuirfidís teachtaireacht chuig duine:
  - Sa suíochán taobh leo
  - Sa chéad seomra ranga eile
  - Ar an taobh eile den bhaile
  - I mbaile eile
  - I dtír eile
  - I dtír i bhfad i gcéin
  - Ar phláinéad eile.
- Seans go luafadh na leanaí go bhféadfaí é a dhéanamh ó bhéal, trí litir a sheoladh, trí théacs a chur nó trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta.
- Mínigh do na leanaí gur féidir le faisnéis taisteal ar a lán bealaí éagsúla. A buíochas leis na meáin chumarsáide agus le teicneolaíocht nua-aimseartha, tá níos mó ná bealach amháin chun faisnéis a fháil agus sheoladh.

**Céim 3: An Domhan a Dhéanamh Níos Lú**

- Mínigh do na leanaí go dtaispeántar ar an teilifís agus ar shuíomhanna gréasáin imeachtaí a tharlaíonn na mílte míle i bhfad i gcéin, agus go bpléitear iad ar na meáin shóisialta.
- Iarr ar na leanaí samplaí d'imeachtaí domhanda a thabhairt ar chuala siad trácht orthu sna meáin.

*Seans go luafaidh na leanaí imeachtaí amhail na hOilimpeacha agus rannpháirtíocht lúthchleasaithe Éireannacha in imeachtaí dá leithéid, nó imeachtaí domhanda eile.*

- Mínigh dóibh gur féidir a áireamh sa choincheap 'imeachtaí domhanda':
  - Cogaí
  - Tubaistí Nádúrtha – Creathanna Talún, Bolcáin, Dóiteáin Mhóra, Tuillte, Stoirmeacha,
  - Toghcháin Pholaitiúla
  - Imeachtaí Domhanda Spóirt.
- Mínigh dóibh go mbíonn faisnéis faoi na himeachtaí sin agus imeachtaí cosúla ar fáil go héasca tríd na meáin chumarsáide, go háirithe ó forbraíodh teicneolaíocht nua-aimseartha.
- Mínigh dóibh go bhfuil an domhan 'níos lú' dá bharr, agus go gciallaíonn sé sin go bhfuil faisnéis faoi aon rud ar domhan ar fáil go héasca.
- I ngrúpaí iarr ar na leanaí a machnamh a dhéanamh ar imeacht a tharla le déanaí ar domhan, trí cheisteanna mar seo a chur orthu:
  - Conas a chloisfidís faoi imeachtaí domhanda sna meáin?
  - Cad iad na meáin a thuairiscíonn ar imeachtaí domhanda?
  - Conas a thuairiscíonn na meáin éagsúla ar na himeachtaí domhanda?
  - An mbíonn na nithe céanna á rá ag gach meán agus an dtaispeánann siad na híomhánna céanna?
  - Cad atá tarlaithe ó d'ardaigh an fheasacht faoi imeachtaí domhanda?

# Ceacht 8



## Cur Chuige ar lean

**Céim 4: Foinsí Faisnéise**

- Fiafraigh de na leanaí an cuimhin leo aon mhéan a phléamar sna ceachtanna roimhe seo?

*Seans go luafaidh siad teilifís, raidió, idirlíon, meáin shóisialta, irisleabhair, greannáin nó póstaeir ar an tsráid nó ar an mbus.*


- Inis do na leanaí go bhfeicimid gach cineál meáin gach lá: teilifís, raidió, idirlíon, meáin shóisialta, irisleabhair, greannáin nó póstaeir ar an tsráid nó ar an mbus.
- Mínigh go bhfuilimid timpeallaithe de shíor ag na meáin. Mar thoradh air sin ní gá go dtabharfaimis faoi deara go bhfuil a lán teachtaireachtaí fógraíochta á bhfeiceáil againn gach lá.
- Fiafraigh de na leanaí an bhfaca siad aon teachtaireachtaí ó na meáin an tseachtain seo ar an teilifís, ar an raidió, ar an idirlíon, sna meáin shóisialta, in irisleabhair, i ngreannáin nó ar phóstaeir

Seans go luafaidh siad fógraí le haghaidh nithe cosúil le bia, éadaí, cluichí, leabhair, bréagáin agus teicneolaíocht.

- Inis do na leanaí go bhfeicimid, déanta na fírinne, suas le 1,500 fógra gach lá. Sin a lán fógraí.
- Mínigh dóibh gur féidir leis na meáin oideachas a chur orainn freisin.
- Is féidir linn foghlaim faoi ábhair amhail bruscar, bóithre, uisce agus sábháilteacht ar an rothar, gníomhaíochtaí comhshaoil, athchúrsáil agus/nó fuinneamh a choigilt, an leas a bhaineann le gleacaíocht agus bia folláin ó na meáin chumarsáide, ó shuíomhanna gréasáin, ó na meáin shóisialta, ón raidió, sna nuachtáin agus ar an teilifís.

**Céim 5: An Feachtas Bruscair 'Cuir do Ghuma sa Bhruscar'**


- Bain úsáid as na bhfógra agus na póstaeir le haghaidh an Fheachtais Bruscair 'Cuir do Ghuma sa Bhruscar' atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie, agus iarr ar na leanaí a bheartú, agus iad ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí:
  - Cad é príomhtheachtaireacht an fheachtais?
  - An dóigh leo gur teachtaireacht mhaith é sin?
  - Cé air a bhfuil an feachtas dírithe?
  - An dóigh leo gur feachtas maith é? An éiríonn leis an fhaisnéis a chur in iúl?
- Déan liosta de na bealaí go léir ar féidir leo smaoineamh orthu inar féidir faisnéis a chur in iúl.
- D'fheadfadh an múinteoir noda a thabhairt: ar an teilifís, i bhfógra, i bpóstaeir, i gcláir scoile, ar shuíomhanna gréasáin, i bhfógraí in irisleabhair agus ina ailt nuachtáin.




**Gníomhaíocht 8.1**

**Céim 6: Dear d'Fheachtas Meáin Féin**

- I ngrúpaí, i mbeirteanna nó ina n-aonair is féidir leis na leanaí topaic a roghnú, mar shampla: athchúrsáil, an tábhacht a bhaineann le codladh maith a fháil, sábháilteacht ar an idirlíon, bia folláin, comhrac in aghaidh caitheamh tobac, nó aon cheist shóisialta eile ar dóigh leo atá ábhartha dóibhsean agus a bhfeachtas meáin féin a dhearadh bunaithe air.
- Ba chóir go ndéanfadh gach grúpa a machnamh ar na nithe seo a leanas:
  - Cén fhaisnéis a theastaíonn uathu a chur in iúl?
  - Cad é an phríomhtheachtaireacht?
  - Cé ar a bhfuil an feachtas dírithe? Leanaí, daoine óga, daoine fásta, daoine scothaosta?
  - Cén sluán is cóir a úsáid chun go gcuimhneoidh daoine ar an bhfeachtas?
  - An mbeadh ceol áirithe oiriúnach don fheachtas ?
  - An gcuirfidís duine cáiliúil san áireamh? Cé a chuirfidís san áireamh mar dhuine cáiliúil?
  - Cad iad na meáin ar leith a d'úsáidfidís dá bhfeachtas ?
  - An bhfuil na meáin a roghnaigh siad ina mbealaí maithe chun faisnéis a chur in iúl?
  - An sroichfidh an fhaisnéis gach duine a bhfuil sé beartaithe dóibh?
  - An rachaidh sé i bhfeidhm ar na daoine a shroichfidh sé?




**Gníomhaíocht 8.2**

# Ceacht 8



## Cur Chuige ar lean

**Céim 6: Dear d'Fheachtas Meáin Féin** (ar lean)

- Ag úsáid Ghníomhaíocht 8.1 is féidir leis na leanaí a dteachtaireachtaí dá bhfeachtas féin a chur isteach sna spásanna folmha sa radharc de bhaile gnóthach.
- Taispeáin do na leanaí conas a dteachtaireachtaí éagsúla meáin a chur isteach ar Ghníomhaíocht 4.3. Inis do na leanaí go bhféadfaidís:
  - Póstaer a chur san áireamh sa phictiúrlann
  - Fógra a chur in irisleabhar, ar bhus nó ar aip táibléid
  - Lógó a dhearadh d'éadaí daoine agus daoine eile a spreagadh chun d'fheachtas a leanúint
  - An feachtas a fhógairt sna meáin shóisialta, ar an bhfón póca nó ar aip táibléid.
- Tar éis dóibh an ghníomhaíocht a chur i gcrích is féidir leo é a roinnt leis an rang agus a mhíniú cé fáth ar roghnaigh siad na cineálacha sin meáin chun a bhfeachtas a fhógairt.

**Céim 7: Súil Siar ar na Meáin Chumarsáide**

- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur fhoghlaim siad a lán faoi na meáin chumarsáide agus faoi fhógraíocht le hocht gceacht anuas.
- Fiafraigh de na leanaí an féidir leo aon cheann de na rudaí a d'fhoghlaim siad a ainmniú?
- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur fhoghlaim siad:
  - Conas na cineálacha éagsúla meán a fheiceann siad gach lá a aithint agus a ainmniú
  - Conas cur síos ar cad is fógraíocht ann agus a aithint go bhfuil fógraíocht i ngach áit mórthimpeall orainn
  - A thuiscint go bhfuil ceann de na ceithre sprioc seo a leanas ag an bhfógraíocht:
  - Rud a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
  - A chur ina luí orainn táirge a cheannach
  - A chur ina luí orainn ár n-iompraíocht a athrú
  - Dearcadh a chur chun cinn
    - A thuiscint go bhfuil dearcadh ag gach duine
    - Roinnt de na gnéithe éagsúla a úsáidtear sna meáin chumarsáide a aithint
    - A mhíniú conas a théann siadsan i bhfeidhm ar ár mothúcháin
    - A thuiscint go ndeartar fógraí sa chaoi is go spreagfar mothúcháin áirithe ionainn
  - A mhíniú cad é an difríocht idir mianta agus riachtanais
  - A thuiscint go bhfuil na meáin dírithe ar spriocghrúpaí éagsúla (luchtanna féachana agus éisteachta)
  - Na teachtaireachtaí folaithe sna meáin agus sna fhógraíocht a aithint
  - Coincheap na steiréitíopaí agus na stéiríotíopála a thuiscint
  - A bheith in ann gaol idir frithghníomh mothúchánach i leith fógra agus gníomh a aithint
  - A thuiscint gur féidir leis na meáin a bheith ina bhfoinse faisnéise agus go ndéanann sé sin an domhan níos lú.
- Is féidir Teastas MediaWise a bhronnadh ar gach leanbh, ag léiriú gur ghlac siad páirt sa chlár foghlama seo.

